Coimisiún na Scrúduithe Stáit

# An Ardteistiméireacht 2016

## Aistriúchán
## Ar Scéim Mharcála

## Tíreolaíocht

Ardleibhéal

**Nóta do mhúinteoirí agus do scoláirí faoi úsáid na scéimeanna marcála foilsithe**

Níl na scéimeanna marcála a fhoilsíonn Coimisiún na Scrúduithe Stáit ceaptha lena n-úsáid mar cháipéisí astu féin. Is áis riachtanach iad ag scrúdaitheoirí a théann faoi oiliúint i léirléamh agus i gcur i bhfeidhm ceart na scéime. Mar chuid den oiliúint sin, as measc rudaí eile, déantar samplaí d'obair na scoláirí a mharcáil agus déantar plé ar na marcanna a bhronntar, mar mhaithe le cur i bhfeidhm ceart na scéime a shoiléiriú. Déanann Scrúdaitheoirí Comhairleacha monatóireacht ar obair na scrúdaitheoirí ina dhiaidh sin le cinntiú go gcuirtear an scéim mharcála i bhfeidhm go comhleanúnach agus go beacht. Bíonn an Príomhscrúdaitheoir i bhfeighil an phróisis agus is gnách go mbíonn Príomhscrúdaitheoir Comhairleach ag cuidiú leis. Is é an Príomhscrúdaitheoir an t-údarás deiridh i dtaca le cé acu a cuireadh an scéim mharcála i bhfeidhm i gceart ar aon phíosa d'obair iarrthóra nó nár cuireadh.

Is cáipéisí oibre na scéimeanna marcála. Cé go n-ullmhaítear dréachtscéim mharcála roimh an scrúdú, ní chuirtear bailchríoch uirthi go dtí go gcuireann scrúdaitheoirí i bhfeidhm ar obair iarrthóirí í agus go dtí go mbailítear agus go meastar an t-aiseolas ó na scrúdaitheoirí uile, i bhfianaise raon iomlán na bhfreagraí a thug na hiarrthóirí, leibhéal foriomlán deacrachta an scrúdaithe agus an ghá le comhleanúnachas caighdeán a choimeád ó bhliain go bliain. Aistriúchán ar an scéim chríochnaithe atá sa cháipéis fhoilsithe seo, mar a cuireadh i bhfeidhm ar obair na n-iarrthóirí uile í.

Is cóir a nótáil i gcás scéimeanna ina bhfuil freagraí nó réitigh eiseamláireacha nach bhfuil sé i gceist a chur in iúl go bhfuil na freagraí ná na réitigh sin uileghabhálach. D'fhéadfadh sé go bhfuil leaganacha éagsúla nó malartacha ann a bheadh inghlactha freisin. Ní mór do na scrúdaitheoirí tuillteanas gach freagra a mheas agus téann siad i gcomhairle lena Scrúdaitheoirí Comhairleacha nuair a bhíonn amhras orthu.

**Scéimeanna Marcála san am atá le teacht**

Ní cóir talamh slán a dhéanamh d'aon rud a bhaineann le scéimeanna marcála san am atá le teacht bunaithe ar scéimeanna a bhí ann cheana. Cé go mbíonn na bunphrionsabail mheasúnachta mar an gcéanna, is féidir go mbeadh athrú ar shonraí marcála cineál áirithe ceiste i gcomhthéacs na páirte a bheadh ag an gceist sin sa scrúdú foriomlán bliain áirithe ar bith. Bíonn sé de fhreagracht ar an bPríomhscrúdaitheoir bliain áirithe ar bith a dhéanamh amach cén tslí is fearr a chinnteoidh go measfar obair na n-iarrthóirí go cothrom agus go cruinn, agus go gcoimeádfar caighdeán comhleanúnach measúnachta ó bhliain go bliain. Dá réir sin, d'fhéadfadh gnéithe de struchtúr, de mhionsonraí agus de chur i bhfeidhm na scéime marcála in ábhar áirithe athrú ó bhliain go bliain gan rabhadh.

Agus breithniú á dhéanamh ar an scéim mharcála seo, ba cheart aird a bheith ar an méid a leanas:

- Braitheann na mionsonraí a theastaíonn in aon fhreagra ar an gcomhthéacs agus ar an gcaoi a gcuirtear an cheist, agus ar an líon marcanna atá ar fáil don fhreagra ar an scrúdpháipéar.
- Caithfear focail, nathanna cainte nó frásaí a úsáid i gceart i gcomhthéacs agus níor cheart iad a bhréagnú, agus más léir go n-úsáidtear go mícheart iad nó go mbréagnaítear iad, ní féidir na marcanna a thabhairt.
- Mar riail ghinearálta, más ann d'amhras faoina bhailí atá aon fhreagra, ní mór do scrúdaitheoirí dul i gcomhairle lena scrúdaitheoir comhairleach sula mbronntar marcanna.
- Níl na moltaí ná na samplaí etc. a thugtar sa scéim uileghabhálach agus féadfar glacadh le freagraí malartacha bailí eile etc.
- Chun críche marcála, is é is Pointe Substaintiúil Ábhartha (PSÁ) ann ná aon phíosa amháin d'eolas fíorasach a dtabharfaidh scrúdaitheoir ualú marcála dó mar atá leagtha síos sa scéim mharcála (2 mharc de ghnáth). Mar a moladh roimhe seo i gCiorclán S85/09 agus sna Táscairí Marcála Samplacha atá ar fáil ar shuíomh Gréasáin Choimisiún na Scrúduithe Stáit, ba cheart go dtiocfadh gach PSÁ as an eolas a thugann an t-iarratasóir, rud is cúis le freagra comhleanúnach foriomlán ar an gceist.

**CUID A hAON – CEISTEANNA GEARRGHREAGRA – 80 MARC**

10 gcinn ar bith de na ceisteanna @ 8 marc an ceann.
Marcáil gach ceist a triaileadh agus bronn marc as an deich gceist a fuair na marcanna is airde.
Gan grádú ar bith.

| | |
|---|---|
| C.1 (i) E **1 mharc**<br>D **1 mharc**<br>F **1 mharc**<br>B **1 mharc**<br>A **1 mharc**<br>C **1 mharc**<br>(ii) Fíor **2 mharc** | C.7 D **1 mharc** Cultúrtha **1 mharc**<br>A **1 mharc** Fisiceach **1 mharc**<br>B **1 mharc** Fisiceach **1 mharc**<br>C **1 mharc** Cultúrtha **1 mharc** |
| C.2 (i) B **1 mharc**<br>C **1 mharc**<br>D **1 mharc**<br>A **1 mharc**<br>(ii) (a) Bréagach **2 mharc**<br>(b) Fíor **2 mharc** | C.8 B An lár ar chlé **2 mharc**<br>C An lár **2 mharc**<br>D An lár **2 mharc**<br>E An lár ar dheis **2 mharc** |
| C.3 (i) B **1 mharc**<br>C **1 mharc**<br>A **1 mharc**<br>F **1 mharc**<br>E **1 mharc**<br>D **1 mharc**<br>(ii) Bréagach **2 mharc** | C.9 (i) D **2 mharc**<br>(ii) A **2 mharc**<br>(iii) C **2 mharc**<br>(iv) B **2 mharc** |
| C.4 (i) Gaineamh **1 mharc**<br>Grianchloichít **1 mharc**<br>Sliogáin etc. **1 mharc**<br>Marmar **1 mharc**<br>Magma **1 mharc**<br>Naghas **1 mharc**<br>(ii) (a) Basalt **1 mharc**<br>(b) Aolchloch **1 mharc** | C.10 (i) An Fhionlainn **2 mharc**<br>(ii) 19 **2 mharc**<br>(iii) Dhá fhreagra bhailí **1+1 mharc**<br>(iv) Dhá fhreagra bhailí **1+1 mharc** |
| C.5 Lúb Lúblocha **1 mharc**<br>Abhann **1 mharc**<br>V-ghleann **1 mharc**<br>Abhann **1 mharc**<br>Murlach **1 mharc**<br>Cósta **1 mharc**<br>Droimnín **1 mharc**<br>Oighreach **1 mharc** | C.11 (i) An Ríocht Aontaithe **2 mharc**<br>(ii) 6,597 **2 mharc**<br>(iii) 8,062 **2 mharc**<br>(iv) Aon mhíniú bailí **1+1 mharc** |
| C.6 (i) 6-8 ($km^2$) **2 mharc**<br>(ii) Siar ó Thuaidh/IT/TIT **2 mharc**<br>(iii) 5.3-5.7 (km) **2 mharc**<br>(iv) L 972/3 793/4 **2 mharc** | C.12 (i) Baile Átha Cliath **2 mharc**<br>(ii) An tSionainn **2 mharc**<br>(iii) 7.6(%) **2 mharc**<br>(iv) Aon mhíniú bailí **1+1 mharc** |

## CUID A DÓ – CEISTEANNA STRUCHTÚRTHA agus AISTE – 320 MARC

Ní mór duit tabhairt faoi **CHEITHRE** cheist, mar seo a leanas:

- **DHÁ** cheist as **Roinn 1 – Croí-Aonaid**:
  - Ceist **amháin** as Ceist 1, 2 agus 3 **(80 marc)**

    **AGUS**
  - Ceist **amháin** as Ceist 4, 5 agus 6 **(80 marc)**
- Ceist **AMHÁIN** as **Roinn 2 – Toghaonaid (80 marc)**
- Ceist **AMHÁIN** as **Roinn 3 – Roghaonaid (80 marc)**

***FREAGAIR NA CEISTEANNA SEO SA FHREAGARLEABHAR***

## ROINN 1 – CROÍ-AONAID

### Ceist 1 go 6

**NÍ MÓR** duit tabhairt faoi **DHÁ** cheist:

**CEIST AMHÁIN** as **Patrúin agus Próisis sa Chomhshaol Fisiceach**

**AGUS**

**CEIST AMHÁIN** as **Tíreolaíocht Réigiúnach**

**PÁTRÚIN AGUS PRÓISIS SA CHOMHSHAOL FISICEACH**

**Ceist 1 go 3**

Freagair ceist **AMHÁIN**

## Ceist 1

**A. Léarscáil na Suirbhéireachta Ordanáis**

Scrúdaigh an léarscáil 1:50 000 agus an eochair eolais de chuid na Suirbhéireacht Ordanáis a ghabhann leis an bpáipéar seo.

Tarraing sracléarscáil leathscála den limistéar a thaispeántar.
Ar an tsracléarscáil sin, taispeáin agus lipéadaigh gach ceann díobh seo a leanas mar is ceart:

- Cuan Chathair na Mart
- Cúrsa iomlán na hAbhann Buí
- Limistéar iomlán Loch Chionn Lughaidh (*Kinlooey Lough*) ag M 03 81
- An limistéar iomlán talún os cionn 200 méadar in iar-dheisceart na léarscáile.

**[20 marc]**

| | |
|---|---|
| Imlíne na sracléarscáile | 4 mharc |
| 4 ghné @ 4 mharc an ceann: | Taispeánta 3 mharc (grádaithe 3/1/0)<br>Lipéad 1 mharc |

- Sa chás gur rianaíocht a dhéantar den léarscáil nó nach ndéantar ach cuid den léarscáil a tharraingt, cailltear 4 mharc i ndáil le himlíne na sracléarscáile agus 3 mharc in aghaidh na míre i ndáil leis an taispeáint. Ní bhronntar marcanna ach as ainmniú.
- Ciallaíonn imlíne sracléarscáile go dtí leathscála. Is é an méid a theastaíonn ná 12cm x 9cm [ceadaigh difríocht suas le ½cm]. Caithfear ceithre thaobh a tharraingt ar an tsracléarscáil.
- Má úsáidtear an t-aerfótagraf in ionad léarscáil de chuid na Suirbhéireachta Ordanáis = 0 marc.
- Is ceadmhach lipéid a scríobh ar an tsracléarscáil nó in eochair.
- Ní mór iarracht a bheith ann gné a thaispeáint le go mbronnfaí marcanna as ainmniú. Mura dtaispeántar na hiarrachtaí sin 0 marc as ainmniú.
- Ní mór lipéad na ngnéithe a bheith ar an tsracléarscáil nó in eochair.
  Mura bhfuil lipéid ann, O marc as taispeáint.

**B.** **Carraigeacha**

Mínigh foirmiú bruthcharraige **amháin** agus foirmiú carraige meiteamorfaí **amháin**, agus tagairt agat do shamplaí in Éirinn.

**[30 marc]**

| | |
|---|---|
| Bruthcharraig Éireannach amháin ainmnithe | 2 mharc |
| Carraig mheiteamorfach Éireannach amháin ainmnithe | 2 mharc |
| Míniú ar fhoirmiú bruthcharraige | 6/7 x PSÁ |
| Míniú ar fhoirmiú carraig mheiteamorfach | 6/7x PSÁ |

- Tugtar creidiúint as léaráidí ábhartha le lipéid do 1 x PSÁ maidir le gach carraig.
- Tugtar creidiúint as eolas ábhartha bhreise ar léaráidí le lipéid do 1 x PSÁ ar a mhéid ar an iomlán.
- Léaráid gan lipéid = 0 marc.
- Is é bunphointe na ceiste foirmiú na gcarraigeacha.
- Mura ndéantar ach cur síos ar na carraigeacha gan aon tagairt d'fhoirmiú na gcarraigeacha: 1 x PSÁ ar a mhéad (maidir le gach carraig).
- An cheist ceangailte le samplaí Éireannacha.
- Mura ndéantar plé ach ar charraig amháin = 7 x PSÁ ar a mhéad.
- Nuair a thugtar míniú ar fhoirmiú níos mó ná bruthcharraig/carraig mheiteamorfach amháin, marcáil iad go léir agus bronn an marc is airde.

**C.** **Síonchaitheamh**

Mínigh próiseas síonchaithimh fhisicigh **amháin** agus próiseas síonchaithimh cheimicigh **amháin**.

**[30 marc]**


| | |
|---|---|
| Próiseas síonchaithimh fhisicigh ainmnithe | 2 mharc |
| Próiseas síonchaithimh cheimicigh ainmnithe | 2 mharc |
| Míniú ar shíonchaitheamh fisiceach | 6/7 x PSÁ |
| Míniú ar shíonchaitheamh ceimiceach | 6/7 x PSÁ |

- Tugtar creidiúint as léaráidí ábhartha le lipéid do 1 x PSÁ maidir le gach próiseas síonchaithimh.
- Tugtar creidiúint as eolas ábhartha breise ar léaráidí le lipéid do 1 x PSÁ ar a mhéad ar an iomlán.
- Léaráid gan lipéid = 0 marc.
- Ní le hÉirinn amháin a bhaineann an cheist.
- Mura mínítear ach an próiseas síonchaithimh fhisicigh nó an próiseas síonchaithimh cheimicigh = 7 x PSÁ ar a mhéad.

## Ceist 2

### A. Creathanna Talún

Crith Talún i Neipeal, 25 Aibreán 2015, Méid 7.8




Scrúdaigh an léarscáil thuas agus freagair gach ceann de na ceisteanna a leanas.

(i) Cén méid a bhí sa chrith talún i Neipeal in 2015?

(ii) Cén **dá** phláta a raibh an crith talún i Neipeal ann mar thoradh ar iad a bheith ag gluaiseacht?

(iii) Cén sórt teorainn phlátaí a thaispeántar thuas?

(iv) Ainmnigh **dhá** chineál eile de theorainneacha plátaí.

(v) Mínigh go hachomair cad is brí leis an téarma *eipealár*.

(vi) Mínigh go hachomair slí **amháin** a bhféadfaí iarmhairtí creathanna talún a laghdú.

**[20 marc]**

| | | |
|---|---|---|
| (i) | 7.8 | 2 mharc |
| (ii) | P. na hIndia agus P. na hEoráise | 2 + 2 mharc |
| (iii) | Inréimneach/Scriosach | 2 mharc |
| (iv) | Eisréimneach etc. & Neodrach etc. | 2 + 2 mharc |
| (v) | Míniú bailí | 2 + 2 mharc |
| (vi) | Míniú bailí | 2 + 2 mharc |

**B. Forbairt Tírghné**

**Freagair** (i) **nó** (ii).

(i) Scrúdaigh an ról a bhí ag **próisis sil-leagain** i bhfoirmiú tírghné **amháin** a bhfuil staidéar déanta agat air.

**[30 marc]**

| | |
|---|---|
| Tírghné ainmnithe | 2 mharc |
| Scrúdú | 14 x PSÁ |

- Tugtar creidiúint 1 x PSÁ as tagairt do phróiseas sil-leagain. Scrúdú le déanamh maidir le gach tagairt eile do phróisis sil-leagain.
- Tugtar creidiúint as sampla amháin ón scrúdú do 1 x PSÁ.
- Is é bunphointe na ceiste an tionchar a bhíonn ag an bpróiseas sil-leagain ar fhoirmiú tírghné amháin. Scrúdú ar phróisis an chreimthe = 0 marc.
- Tugtar creidiúint as léaráidí ábhartha le lipéid do 1 x PSÁ.
- Tugtar creidiúint as eolas ábhartha breise ar léaráidí le lipéid do 2 x PSÁ.
- Léaráid gan lipéid = 0 marc.
- Mura ndéantar ach cur síos ar thírghné gan aon tagairt don fhoirmiú: 2 x PSÁ ar a mhéad.
- Ní le hÉirinn amháin a bhaineann an cheist.

**Nó**

(ii) Tabhair cur síos agus míniú ar na **tosca a rialaíonn feidhmiú** próiseas ollghluaiseachta **amháin** ar bith a bhfuil staidéar déanta agat air.

**[30 marc]**

| | |
|---|---|
| Próiseas ollghluaiseachta ainmnithe | 2 mharc |
| Tosca a shonrú | 2 + 2 mharc |
| Cur Síos/Míniú ar phróiseas | 12 x PSÁ |

- Tá scrúdú riachtanach i gcás gach toisce sa bhreis orthu sin.
- Tugtar creidiúint as léaráidí ábhartha le lipéid do 1 x PSÁ.
- Léaráid gan lipéid = 0 marc.
- Tugtar creidiúint as eolas ábhartha breise ar léaráidí le lipéid do 2 x PSÁ.
- Tugtar creidiúint 2 x PSÁ ar a mhéad mura dtugtar ach cur síos ar an ollghluaiseacht gan aon tagairt do thosca lena rialaítear an oibríocht.
- Tugtar creidiúint as sampla amháin ón gcur síos/míniú do 1 x PSÁ.

**C.** **Coigeartú Abhann**

Mínigh na slite a dtéann athruithe ar an mbonnleibhéal i bhfeidhm ar phróisis gheomorfacha agus ar thírghnéithe geomorfacha i dtimpeallacht abhann.


**[30 marc]**

| | |
|---|---|
| Tionchar ar na próisis a shonrú | 2 mharc |
| Tionchar ar an tírghné a shonrú | 2 mharc |
| Scrúdú | 13 x PSÁ |

- Tá scrúdú riachtanach i gcás gach tionchair eile (ar an bpróiseas nó tírghnéithe).
- Tugtar creidiúint as léaráidí ábhartha le lipéid do 1 x PSÁ.
- Tugtar creidiúint as eolas ábhartha breise ar léaráidí le lipéid do 2 x PSÁ.
- Léaráid gan lipéid = 0 marc.
- Tugtar creidiúint as sampla amháin ón scrúdú do 1 x PSÁ.

## Ceist 3

### A. Tírghnéithe Abhann




Scrúdaigh an léaráid thuas agus freagair gach ceann de na ceisteanna a leanas.

(i) Ainmnigh gach ceann de na tírghnéithe abhann **A**, **B**, **C**, **D**, **E** agus **F**.
(ii) Mínigh go hachomair cad is brí leis an téarma *buncharraig*.
(iii) Mínigh go hachomair cad is brí leis an téarma *glár*.

**[20 marc]**

| | | | |
|---|---|---|---|
| (i) | A | Tuilemhá | 2 mharc |
| | B | Lúb | 2 mharc |
| | C | Lúbloch | 2 mharc |
| | D | Aill abhann/bruach scortha etc. | 2 mharc |
| | E | Rinnbharra/trá abhann etc. | 2 mharc |
| | F | Leibhéanna | 2 mharc |
| (ii) | Aon mhíniú bailí | | 2 + 2 mharc |
| (iii) | Aon mhíniú bailí | | 2 + 2 mharc |

## B. Forbairt Tírdhreach

Scrúdaigh conas a chruthaítear tírdhreacha éagsúla mar thoradh ar chineálacha éagsúla carraigeacha agus tagairt agat do shamplaí a bhfuil staidéar déanta agat orthu.

**[30 marc]**

| | |
|---|---|
| Carraig 1 agus tírdhreach bainteach ainmnithe | 2 mharc |
| Carraig 2 agus tírdhreach bainteach ainmnithe | 2 mharc |
| Scrúdú | 13 x PSÁ |

- Tá scrúdú riachtanach i gcás gach gach cineál carraige agus ar an tírdhreach a bhaineann leis sa bhreis orthu.
- Ní le hÉirinn amháin a bhaineann an cheist.
- Tugtar creidiúint 1 x PSÁ as léaráid ábhartha le lipéid.
- Tugtar creidiúint as eolas ábhartha breise ar léaráidí le lipéid do 2 x PSÁ.
- Léaráid gan lipéid = 0 marc.
- Má dhéantar cur síos ar an gcarraig nó ar an tírdhreach gan aon tagairt don bhaint idir an charraig agus an tírdhreach: 2 x PSÁ ar a mhéad.
- Ní mór an cineál carraige agus an tírdhreach a nascadh chun 2 mharc a fháil.

## C. Teorainneacha Plátaí Déanmhasacha

Déan plé ar dháileadh tíreolaíoch teorainneacha plátaí déanmhasacha agus ar na hiarmhairtí a bhaineann leo.

**[30 marc]**

| | |
|---|---|
| Iarmhairt a shonrú | 2 mharc |
| Tagairt do dháileadh tíreolaíoch | 2 mharc |
| Plé | 13 x PSÁ |

- Tá scrúdú riachtanach i gcás gach iarmhairt sa bhreis.
- Tugtar creidiúint as léaráidí ábhartha le lipéid do 1 x PSÁ.
- Tugtar creidiúint as eolas ábhartha breise ar léaráidí le lipéid do 2 x PSÁ.
- Léaráid gan lipéid = 0 marc.
- Más ar dháileadh teorainneacha plátaí déanmhasacha amháin a dhéantar plé: 6 x PSÁ ar a mhéad.
- Más ar iarmhairtí teorainneacha plátaí déanmhasacha amháin a dhéantar plé: 6 x PSÁ ar a mhéad.

**TÍREOLAÍOCHT RÉIGIÚNACH**

**Ceist 4 go 6**

Freagair ceist **AMHÁIN**

## Ceist 4

**A. Scileanna Léarscáile**

Tarraing léarscáil imchrutha de réigiún **Ilchríochach / Fo-ilchríochach** (nach bhfuil san Eoraip) a bhfuil staidéar déanta agat air.

Ar an léarscáil sin, taispeáin agus ainmnigh gach ceann acu seo a leanas:

- Imlíne gné rilífe ainmnithe (talamh ard nó talamh íseal)
- Lárionad uirbeach ainmnithe
- Imlíne réigiún talmhaíochta **nó** tionsclaíochta ainmnithe
- Cúrsa abhann ainmnithe.

**[20 marc]**

| | |
|---|---|
| Imlíne na léarscáile | 4 mharc ghrádaithe (4/2/0) |
| 4 ghné @ 4 mharc an ceann | Taispeánta 2 mharc (grádaithe 2/1/0)<br>Ainmnithe 2 mharc |

- Ná glactar le réigiún de chuid na hÉireann ná de chuid na hEorpa.
- Glactar le lárionad uirbeach de chineál bailí ar bith is cuma faoin méid.
- Is ceadmhach ainmneacha a scríobh ar shracléarscáil nó in eochair.

## B. An tAontas Eorpach

Scrúdaigh an tslí a dtéann leathnú an Aontais Eorpaigh i bhfeidhm ar na ballstáit, agus tagairt agat d'iarmhairtí geilleagracha agus sóisialta araon.

**[30 marc]**

| | |
|---|---|
| Iarmhairt gheilleagrach a shonrú | 2 mharc |
| Iarmhairt shóisialta a shonrú | 2 mharc |
| Scrúdú | 13 x PSÁ |

- Tá scrúdú riachtanach i gcás gach iarmhairt gheilleagrach agus shóisialta sa bhreis orthu sin.
- Mura ndéantar ach cur síos ar leathnú an AE gan aon scrúdú ar an tionchar a bheidh ag an leathnú ar bhallstáit: 2 x PSÁ ar a mhéad.
- Gan aon tagairt do leathnú an AE: 2 x PSÁ ar a mhéad.
- Mura scrúdaítear ach iarmhairtí geilleagracha nó iarmhairtí sóisialta: 7 x PSÁ.
- Féadfaidh an tionchar a bheith dearfach nó diúltach.
- Ní le hÉirinn amháin a bhaineann an cheist.

## C. Gníomhaíocht Gheilleagrach Thánaisteach

Scrúdaigh an fhorbairt ar ghníomhaíocht gheilleagrach thánaisteach i réigiún in **Éirinn** a bhfuil staidéar déanta agat air, agus tagairt agat do **dhá** cheann ar bith de na tosca seo a leanas:

- Amhábhair
- Iompar
- An lucht oibre
- Margaí.

**[30 marc]**


| | |
|---|---|
| Scrúdú ar thoisc 1 | 8 x PSÁ |
| Scrúdú ar thoisc 2 | 7 x PSÁ |

- Ná glactar le réigiúin de chuid na hEorpa ná le Réigiún Ilchríochach/Fo-ilchríochach.
- Scrúdú nach ndéantar tagairt ann do réigiún ainmnithe ná do réigiún a thugtar le fios go soiléir = 0 marc.
- Mura ndéantar ach cur síos ar thoisc gan aon tagairt d'fhorbairt na gníomhaíochta geilleagraí tánaistí: 2 x PSÁ ar a mhéad in aghaidh na toisce.
- Mura ndéantar plé ach ar thoisc amháin: 8 x PSÁ ar a mhéad.
- Glactar le léirmhíniú dearfach nó diúltach.
- Féadfaidh sracléarscáil lipéadaithe bhailí 1 x PSÁ a fháil ón scrúdú agus má tá faisnéis ábhartha bhreise ar an tsracléarscáil, féadfar 1 x PSÁ eile a bhronnadh.

## Ceist 5

### A. Gníomhaíocht Gheilleagrach

Príomh-Tháirgeoirí Dobharshaothraithe an Aontas Eorpaigh (AE-28) i 1995 agus in 2012




Curtha in oiriúint ó Eurostat 2015

Scrúdaigh na cairteacha thuas a thaispeánann príomh-tháirgeoirí dogharshaothraithe an Aontais Eorpaigh (AE-28) i 1995 agus in 2012 agus freagair gach ceann de na ceisteanna a leanas.

(i) Ríomh **X**, an céatadán de tháirgeacht dobharsaothraithe an AE-28 a táirgeadh sa Ríocht Aontaithe in 2012.

(ii) Cén tír amháin a tháirg níos mó ná an cúigiú cuid de tháirgeacht dhobharshaothraithe an AE-28 in 2012 **agus** cén céatadán a tháirg an tír sin i 1995?

(iii) Agus tagairt agat do na cairteacha thuas, cén tír nach raibh ar cheann de phríomh-tháirgeoirí dobharshaothraithe an AE-28 níos mó in 2012 **agus** cén tír a tháinig ina háit?

(iv) Mínigh go hachomair iarmhairt dhearfach **amháin** ag beartas an Aontais Eorpaigh ar thionscal na hiascaireachta.

(v) Mínigh go hachomair iarmhairt dhiúltach **amháin** ag beartas an Aontais Eorpaigh ar thionscal na hiascaireachta.

**[20 marc]**

| | | |
|---|---|---|
| (i) | 17(%) | 4 mharc |
| (ii) | An Spáinn agus 19(%) | 2 + 2 mharc |
| (iii) | An Ísiltír agus an Ghréig | 2 + 2 mharc |
| (iv) | Aon mhíniú bailí | 2 + 2 mharc |
| (v) | Aon mhíniú bailí | 2 + 2 mharc |

**B. Talmhaíocht i Réigiún Ilchríochach / Fo-ilchríochach**

Tabhair cúiseanna le forbairt na talmhaíochta i réigiún **Ilchríochach / Fo-ilchríochach** (nach bhfuil san Eoraip) a bhfuil staidéar déanta agat air, agus tagairt agat do **dhá** cheann ar bith de na tosca a leanas:

- Ithir
- Rilíf
- Aeráid.

**[30 marc]**

| | |
|---|---|
| Cuntas ar Thoisc 1 | 8 x PSÁ |
| Cuntas ar Thoisc 2 | 7 x PSÁ |

- Ná glactar le réigiúin de chuid na hÉireann ná de chuid na hEorpa.
- Plé nach ndéantar tagairt ann do réigiún ainmnithe a thugtar le fios go soiléir = 0 marc.
- Mura ndéantar ach cur síos ar thoisc gan aon tagairt d'fhorbairt na talmhaíochta: 2 x PSÁ ar a mhéad in aghaidh na toisce.
- Glactar le léirmhíniú dearfach nó diúltach ar an bhforbairt.
- Féadfaidh sracléarscáil lipéadaithe bhailí 1 x PSÁ a fháil ón gcuntas agus má tá faisnéis ábhartha bhreise ar an tsracléarscáil, féadfar 1 x PSÁ eile a bhronnadh.

**C. Coincheap an Réigiúin**

Scrúdaigh an chaoi ar féidir cultúr **nó** an tírdhreach fisiceach a úsáid chun sainmhíniú a dhéanamh ar réigiúin, agus tagairt agat do shamplaí a bhfuil staidéar déanta agat orthu.

**[30 marc]**

| | |
|---|---|
| Sampla de réigiún | 2 mharc |
| Scrúdú | 14 x PSÁ |

- Tugtar creidiúint as an dara sampla de réigiún do 1 x PSÁ ón scrúdú.
- Féadfaidh sracléarscáil lipéadaithe bhailí 1 x PSÁ a fháil ón scrúdú agus má tá faisnéis ábhartha bhreise ar an tsracléarscáil, féadfar 1 x PSÁ eile a bhronnadh.
- Glactar le léirmhíniú dearfach nó diúltach.

## Ceist 6

### A. Dífhostaíocht

Staitisticí Dífhostaíochta i dTíortha Roghnaithe

| | Dífhostaíocht mar % den Daonra Iomlán | | | Dífhostaíocht na nÓg mar % den Phobal Gníomhach (15 go 24 bliain) | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **Tír** | **2008** | **2014** | | **2008** | **2012** | **2013** | **2014** |
| An Ghearmáin | 7.4 | 5.3 | | 10.4 | 8.0 | 7.8 | 7.7 |
| Éire | 6.4 | 11.3 | | 13.3 | 30.4 | 26.8 | 23.9 |
| An Ghréig | 7.8 | 26.5 | | 21.9 | 55.3 | 58.3 | 52.4 |
| An Fhrainc | 7.4 | 10.3 | | 19.0 | 24.4 | 24.8 | 24.0 |

Curtha in oiriúint ón Eurostat

Scrúdaigh an tábla thuas a thaispeánann dífhostaíocht mar chéatadán den daonra iomlán agus dífhostaíocht na n-óg mar chéatadán den phobal gníomhach i dtíortha roghnaithe, agus freagair gach ceann de na ceisteanna a leanas.

(i) Cén **dá** thír a raibh an céatadán céanna den daonra iomlán iontu dífhostaithe in 2008?

(ii) Cén treocht a bhí sa chéatadán den dhaonra iomlán dífhostaithe in Éirinn idir 2008 agus 2014?

(iii) Mínigh go hachomair cúis **amháin** leis an treocht seo.

(iv) Cén tír inar tháinig laghdú ar dhífhostaíocht na n-óg mar chéatadán den phobal gníomhach idir 2008 agus 2014?

(v) Cén tír inar tháinig an méadú ba mhó ar dhífhostaíocht na n-óg inti mar chéatadán den phobal gníomhach idir 2008 agus 2014?

(vi) Cén treocht atá le feiceáil i ndífhostaíocht na n-óg mar chéatadán de phobal gníomhach na hÉireann ó 2012 go 2014 agus an dá bhliain sin san áireamh? Tabhair cúis **amháin** leis an treocht seo.

**[20 marc]**

| | | |
|---|---|---|
| (i) | An Ghearmáin agus an Fhrainc | 2 + 2 mharc |
| (ii) | Ag méadú, ag ardú etc. | 2 mharc |
| (iii) | Aon mhíniú bailí | 2 + 2 mharc |
| (iv) | An Ghearmáin | 2 mharc |
| (v) | An Ghréig | 4 mharc |
| (vi) | Ag meathlú/ag titim etc. | 2 mharc |
| | Cúis bhailí ar bith a luaitear | 2 mharc |

## B. Dinimic Réigiún – Aeráid

Scrúdaigh an tábhacht a bhaineann le haeráid i bhforbairt gheilleagrach **dhá** réigiún chontrártha ar bith san **Eoraip** (nach bhfuil in Éirinn) a bhfuil staidéar déanta agat orthu.

**[30 marc]**

| | |
|---|---|
| Scrúdú ar réigiún 1 | 8 x PSÁ |
| Scrúdú ar réigiún 2 | 7 x PSÁ |

- Tugtar creidiúint 1 x PSÁ in aghaidh an réigiúin as an tábhacht a bhaineann le haeráid i bhforbairt gheilleagrach a shonrú. Tá scrúdú riachtanach i gcás gach tagairt sa bhreis don tábhacht atá le haeráid.
- Ná glactar le réigiúin de chuid na hÉireann ná le réigiúin Ilchríochacha / Fo-ilchríochacha.
- Mura ndéantar scrúdú ach ar réigiún amháin: 8 x PSÁ ar a mhéad. Plé nach ndéantar tagairt ann d'aon réigiún ainmnithe ná d'aon réigiún a thugtar le fios go soiléir = 0 marc.
- Mura ndéantar ach cur síos ar aeráid gan aon tagairt d'fhorbairt gheilleagrach: 2 x PSÁ ar a mhéad in aghaidh an réigiúin.
- Mura ndéantar ach cur síos ar fhorbairt gheilleagrach gan aon tagairt d'aeráid: 2 x PSÁ ar a mhéad in aghaidh an réigiúin.
- Féadfaidh sracléarscáil lipéadaithe bhailí 1 x PSÁ a fháil ón scrúdú agus má tá faisnéis ábhartha bhreise ar an tsracléarscáil, féadfar 1 x PSÁ eile a bhronnadh.
- Glactar le léirmhíniú dearfach nó diúltach.

## C. Forbairt Uirbeach

Déan staidéar ar an tslí a raibh tionchar ag **dhá** cheann de na tosca a leanas ar fhorbairt ceantar uirbeach ar bith a bhfuil staidéar déanta agat air:

- Iompar
- Suíomh
- Gníomhaíocht gheilleagrach phríomhúil.

**[30 marc]**

| | |
|---|---|
| Limistéar uirbeach ainmnithe | 2 mharc |
| Scrúdú ar thoisc 1 | 7 x PSÁ |
| Scrúdú ar thoisc 2 | 7 x PSÁ |

- Plé nach ndéantar tagairt ann do limistéar uirbeach ainmnithe ná do limistéar uirbeach a thugtar le fios go soiléir = 0 marc.
- Mura ndéantar ach cur síos ar gach toisc gan aon tagairt d'fhorbairt limistéir uirbigh: 2 x PSÁ ar a mhéad in aghaidh na toisce.
- Glactar le limistéar uirbeach de chineál bailí ar bith nó cuid de is cuma faoin méid.
- Féadfaidh sracléarscáil lipéadaithe bhailí 1 x PSÁ a fháil ón scrúdú agus má tá faisnéis ábhartha bhreise ar an tsracléarscáil, féadfar 1 x PSÁ eile a bhronnadh.
- Glactar le léirmhíniú dearfach nó diúltach.
- Ní le hÉirinn amháin a bhaineann an cheist.

## ROINN 2 – TOGHAONAID

## Ceist 7 go 12

**NÍ MÓR** duit tabhairt faoi cheist **AMHÁIN** as:

**Patrúin agus Próisis i nGníomhaíochtaí Geilleagracha**

**NÓ**

**Patrúin agus Próisis i gComhshaol an Duine**

**PATRÚIN AGUS PRÓISIS i nGNÍOMHAÍOCHTAÍ GEILLEAGRACHA**

**Ceist 7 go 9**

## Ceist 7

**A. Léarscáil na Suirbhéireachta Ordanáis**

Scrúdaigh an léarscáil 1:50 000 agus an eochair eolais de chuid na Suirbhéireachta Ordanáis a ghabhann leis an bpáipéar seo.

Tarraing sracléarscáil leathscála den limistéar a thaispeántar.
Ar an tsracléarscáil sin, taispeáin agus lipéadaigh gach ceann díobh seo a leanas mar is ceart:

- Iarnród
- An N59
- An R335
- An limistéar faoi fhoirgnimh le hais a chéile i gCathair na Mart.

**[20 marc]**

| | |
|---|---|
| Imlíne na sracléarscáile | 4 mharc |
| 4 ghné @ 4 mharc an ceann: | Taispeánta 3 mharc (grádaithe 3/1/0)<br>Lipéad 1 mharc |

- Sa chás gur rianaíocht a dhéantar den léarscáil nó nach ndéantar ach cuid den léarscáil a tharraingt, cailltear 4 mharc i ndáil le himlíne na sracléarscáile agus 3 mharc in aghaidh na míre i ndáil leis an taispeáint. Ní bhronntar marcanna ach as ainmniú.
- Ciallaíonn imlíne sracléarscáile go dtí leathscála. Is é an méid a theastaíonn ná 12cm x 9cm [ceadaigh difríocht suas le ½cm]. Caithfear ceithre thaobh a tharraingt ar an tsracléarscáil.
- Má úsáidtear an t-aerfótagraf in ionad léarscáil de chuid na Suirbhéireachta Ordanáis = 0 marc.
- Is ceadmhach lipéid a scríobh ar an tsracléarscáil nó in eochair.
- Ní mór iarracht a bheith ann gné a thaispeáint ionas le mbronnfaí marcanna as ainmniú. Mura dtaispeántar na hiarrachtaí sin 0 marc as ainmniú.
- Ní mór lipéad na ngnéithe a bheith ar an tsracléarscáil nó in eochair.
  Mura bhfuil lipéid ann, O marc as taispeáint.

**B. Cuideachta Ilnáisiúnta**

Mínigh na tosca a bhfuil tionchar acu ar oibríochtaí cuideachta ilnáisiúnta **amháin** ar bith a bhfuil staidéar déanta agat uirthi.

**[30 marc]**

| | |
|---|---|
| Cuideachta ilnáisiúnta ainmnithe | 2 mharc |
| Tosca a shonrú | 2 + 2 mharc |
| Míniú | 12 x PSÁ |

- Tá míniú riachtanach i gcás gach toisc sa bhreis orthu sin.
- Plé nach bhfuil ceangal ann le cuideachta ilnáisiúnta ainmnithe = 0 marc.
- Mura ndéantar ach cur síos ar chuideachta ilnáisiúnta gan aon mhíniú ar na tosca a bhfuil tionchar acu ar a oibríocht: 2 x PSÁ ar a mhéad.

**C. Gníomhaíocht Gheilleagrach – Coimhlint**

Scrúdaigh an tslí a bhféadfadh coimhlint teacht chun cinn idir saothrú acmhainní nádúrtha agus an riachtanas leis an gcomhshaol a chaomhnú, agus tagairt agat do shampla(í) a bhfuil staidéar déanta agat air/orthu.

**[30 marc]**

| | |
|---|---|
| Sampla | 2 mharc |
| Scrúdú | 14 x PSÁ |

- Tugtar creidiúint as an dara sampla ainmnithe ón scrúdú do 1 x PSÁ.
- Gan plé a dhéanamh ach ar thaobh amháin den choimhlint: 7 x PSÁ ar a mhéad.
- Ní le hÉirinn amháin a bhaineann an cheist.
- Gan aon tagairt do choimhlint: 2 x PSÁ ar a mhéad.

## Ceist 8

### A. An tInnéacs um Fhorbairt Dhaonna

Sonraí ón Innéacs um Fhorbairt Dhaonna (IFD) do Réigiúin Roghnaithe

| Réigiún | IFD 1990 | IFD 2014 | Ollioncam Náisiúnta 2014 | Ionchas saoil tráth breithe (blianta) 2014 | An meánlíon de bhlianta scolaíochta 2014 |
|---|---|---|---|---|---|
| An Iorua | 0.849 | 0.944 | $64,992 | 81.6 | 12.6 |
| Éire | 0.770 | 0.916 | $39,568 | 80.9 | 12.2 |
| SAM | 0.859 | 0.915 | $52,947 | 79.1 | 12.9 |
| An Bhrasaíl | 0.608 | 0.755 | $15,175 | 74.5 | 7.7 |
| Háítí | 0.417 | 0.483 | $1,669 | 62.8 | 4.9 |
| Mailí | 0.233 | 0.419 | $1,583 | 58.0 | 2.0 |

Curtha in oiriúint ó www.undp.org

Scrúdaigh an tábla thuas a thaispeánann sonraí ón Innéacs um Fhorbairt Dhaonna do réigiúin roghnaithe agus freagair gach ceann de na ceisteanna a leanas.

(i) Cén réigiún a raibh an tInnéacs um Fhorbairt Dhaonna ab airde aici i 1990 **agus** cén réigiún a raibh an tInnéacs um Fhorbairt Dhaonna ab airde aici in 2014?

(ii) Ríomh an difríocht (ina dollair) idir an ollioncam náisiúnta san Iorua agus an ollioncam náisiúnta i Mailí in 2014.

(iii) Cén réigiún a raibh an meánlíon de bhlianta scolaíochta ab airde aici in 2014?

(iv) Mínigh go hachomair cúis **amháin** a bhfuil meánlíon na mblianta scolaíochta níos airde i dtíortha mar an Iorua agus Éire.

(v) Ainmnigh táscaire **amháin** a úsáidtear chun an tInnéacs um Fhorbairt Dhaonna a ríomh.

(vi) Mínigh go hachomair buntáiste **amháin** a bhaineann leis an Innéacs um Fhorbairt Dhaonna a úsáid mar thomhas ar an bhforbairt gheilleagrach.

**[20 marc]**

| | | |
|---|---|---|
| (i) | Stáit Aontaithe Mheiriceá agus an Iorua | 2 + 2 mharc |
| (ii) | ($)63,409 | 4 mharc |
| (iii) | Stáit Aontaithe Mheiriceá (SAM) | 2 mharc |
| (iv) | Aon mhíniú bailí | 2 + 2 mharc |
| (v) | Aon táscaire bailí | 2 mharc |
| (vi) | Aon mhíniú bailí | 2 + 2 mharc |

**B. Fuinneamh In-athnuaite**

Scrúdaigh an chaoi a bhfuil forbairt ar fhuinneamh in-athnuaite riachtanach do chomhshaol agus do gheilleagar na hÉireann.

**[30 marc]**

| | |
|---|---|
| Tábhacht do chomhshaol na hÉireann a shonrú | 2 mharc |
| Tábhacht do gheilleagar na hÉireann a shonrú | 2 mharc |
| Scrúdú | 13 x PSÁ |

- Mura ndéantar ach scrúdú ar an gcomhshaol gan aon tagairt don gheilleagar: 7 x PSÁ ar a mhéad.
- Mura ndéantar ach scrúdú ar an ngeilleagar gan aon tagairt don chomhshaol: 7 x PSÁ ar a mhéad.
- Mura ndéantar ach cur síos ar fhuinneamh in-athnuaite gan tagairt do chomhshaol ná do gheilleagar na hÉireann: 2 x PSÁ ar a mhéad.
- Tugtar creidiúint as sampla d'fhuinneamh in-athnuaite amháin ón scrúdú do 1 x PSÁ.

**C. Gníomhaíocht Gheilleagrach Threasach**

Agus fianaise ón léarscáil 1:50 000 de chuid na Suirbhéireachta Ordanáis a ghabhann leis an bpáipéar seo á húsáid agat, pléigh acmhainneacht fhorbartha na turasóireachta sa limistéar a thaispeántar ar an léarscáil agus tagairt agat do gach ceann díobh seo a leanas:

- Inrochtaineacht
- Nithe is díol spéise
- Seirbhísí (gan iompar a chur san áireamh).

**[30 marc]**

Trí theideal @ 10 marc an ceann
As gach ceann de na **trí** theideal:

| | |
|---|---|
| Fianaise/suíomh léarscáile | 2 mharc |
| Plé | 4 x PSÁ |

- Is féidir le tagairt eangaí nó bóthar ainmnithe etc. a bheith i gceist le tagairt léarscáile.
- Ní mór gach fianaise léarscáile agus plé a nascadh le turasóireacht.
- Glactar le gach cineál iompair ábhartha (bóthar, iarnród, abhainn, farraige etc.).
- Sa chás gur bunaithe ar an aerfótagraf a bhíonn an freagra, ceadaítear 1 x PSÁ in aghaidh an cheannteidil.

# Ceist 9

## A. Trádáil na hÉireann

Na Comhpháirtithe Easpórtála is mó ag Éirinn, 2014

| Comhpháirtí Easpórtála | % de na hEaspórtálacha Iomlána |
|---|---|
| SAM | 22.2% |
| An Ríocht Aontaithe | 15.1% |
| An Bheilg | 13.2% |
| An Ghearmáin | 6.6% |
| An Eilvéis | 5.9% |
| An Fhrainc | 5.2% |

Curtha in oiriúint ó www.wikipedia.org

Scrúdaigh na sonraí thuas a thaispeánann na comhpháirtithe easpórtála is mó a bhí ag Éirinn in 2014 agus freagair gach ceann de na ceisteanna a leanas.

**[20 marc]**

(i) Agus grafpháipéar á úsáid agat, tarraing graf oiriúnach chun na sonraí seo a léiriú.

| | **Barrachairt** | **Píchairt** |
|---|---|---|
| Teideal | 2 mharc | 2 mharc |
| Ais cheartingearach ainmnithe | 1 mharc | 1 + 1 mharc (Ciorcal agus an Lárphointe go cruinn ann) |
| Ais chothrománach ainmnithe | 1 mharc | |
| 6 mhír a léiriú | 2 mharc an cheann Grádaithe (2/1/0) | 2 mharc an ceann Grádaithe (2/1/0) |

- Glactar le haon ghraf / chairt oiriúnach.
- Ní leor ainm a thabhairt ar chineál an ghraif/ na cairte chun na marcanna i leith an teidil a ghnóthú. Ní mór tagairt a bheith sa teideal d'ábhar na cairte agus is féidir é a scríobh aon áit ar an ngraf.
- Sa chás nach n-úsáidtear grafpháipéar, dealaítear dhá mharc ón iomlán.
- Cuir an 2 mharc grádaithe i bhfeidhm mura mbreactar síos i gceart na spásanna uimhrithe agus leithid na gcolún.

(ii) Mínigh go hachomair buntáiste **amháin** a bhaineann le líon mór de chomhpháirtithe easpórtála a bheith ag tír.

Aon mhíniú bailí 2 + 2 mharc

**B. Forbairt Gheilleagrach**

Scrúdaigh an tslí a bhfuil tionchar ag **dhá** cheann de na tosca seo a leanas ar leibhéal na forbartha geilleagraí i ngeilleagar i mbéal forbartha ar bith a bhfuil staidéar déanta agat air:

- Tosca fisiceacha
- Tosca sóisialta
- Tosca cultúrtha
- Tosca polaitiúla.

**[30 marc]**

| | |
|---|---|
| Geilleagair i mbéal forbartha ainmnithe | 2 mharc |
| Scrúdú ar thoisc 1 | 7 x PSÁ |
| Scrúdú ar thoisc 2 | 7 x PSÁ |

- Plé nach bhfuil tagairt ann do gheilleagar i mbéal forbartha ainmnithe: 2 x PSÁ ar a mhéad.
- Mura ndéantar ach cur síos ar na tosca gan aon tagairt don tionchar ar leibhéil na forbartha geilleagraí: 1 x PSÁ ar a mhéad in aghaidh na toisce.
- Mura ndéantar scrúdú ach ar thoisc amháin: 7 x PSÁ ar a mhéad.
- Glactar le léirmhíniú dearfach nó diúltach.

**C. Beartas an Aontais Eorpaigh**

Scrúdaigh an tionchar atá ag Beartas an Aontais Eorpaigh ar ghníomhaíocht gheilleagrach in Éirinn.

**[30 marc]**

| | |
|---|---|
| Tionchar ar ghníomhaíocht gheilleagrach a shonrú | 2 mharc |
| Scrúdú | 14 x PSÁ |

- Tugtar creidiúint as an dara tionchar ar ghníomhaíocht gheilleagrach aitheanta do 1 x PSÁ. Tá scrúdú riachtanach i gcás gach tionchair sa bhreis orthu sin.
- Tugtar creidiúint as tagairt do bheartas AE do 1 x PSÁ. Tá scrúdú riachtanach i gcás gach beartais sa bhreis orthu sin.
- Plé nach bhfuil tagairt ann do pholasaí an Aontais Eorpaigh: 2 x PSÁ ar a mhéad.
- Plé nach bhfuil tagairt ann d'fhorbairt gheilleagrach in Éirinn: 2 x PSÁ ar a mhéad
- Glactar le léirmhíniú dearfach nó diúltach.

**PATRÚIN AGUS PRÓISIS i gCOMHSHAOL AN DUINE**

**Ceist 10 go 12**

# Ceist 10

**A. Daonra - Éire**

Daonra Tuartha na hÉireann de réir Aoisghrúpa Leathain agus Inscne in 2040

| Aoisghrúpa (blianta) | Fireannaigh (%) | Baineannaigh (%) |
|---|---|---|
| 0 – 14 | 17% | 16% |
| 15 – 64 | 64% | 62% |
| 65+ | 19% | 22% |

Curtha in oiriúint ón US Census Bureau

Scrúdaigh na sonraí thuas a thaispeánann daonra tuartha na hÉireann, de réir aoisghrúpa leathan agus inscne in 2040 agus freagair gach ceann de na ceisteanna a leanas.

**[20 marc]**

(i) Agus grafpháipéar á úsáid agat, tarraing graf oiriúnach chun na sonraí seo a léiriú.

| | Barrachairt | Píchairt |
|---|---|---|
| Teideal | 2 mharc | 2 mharc |
| Ais cheartingearach ainmnithe | 1 mharc | 1+1 mharc (Ciorcal & an lárphointe go cruinn ann) |
| Ais chothrománach ainmnithe | 1 mharc | |
| 6 mhír a léiriú | 2 mharc an ceann Grádaithe (2/1/0) | 2 mharc an ceann Grádaithe (2/1/0) |

- Glactar le haon ghraf / chairt oiriúnach.
- Ní leor ainm a thabhairt ar chineál an ghraif / na cairte chun na marcanna i leith an teidil a ghnóthú. Ní mór tagairt a bheith sa teideal d'ábhar na cairte agus is féidir é a scríobh aon áit ar an ngraf.
- Sa chás nach n-úsáidtear grafpháipéar, dealaítear dhá mharc ón iomlán.
- Cuir an 2 mharc grádaithe i bhfeidhm mura mbreactar síos i gceart na spásanna uimhrithe agus leithid na gcolún.

(ii) Mínigh go hachomair buntáiste **amháin** a bhaineann le saintréithe an daonra sa todhchaí a thuar.

Aon mhíniú bailí 2 + 2 mharc

**B. Feidhmeanna Uirbeacha**

Ainmnigh **trí** fheidhm uirbeacha éagsúla atá le haithint ar an aerfótagraf de Chathair na Mart a ghabhann leis an bpáipéar seo, tabhair an suíomh (úsáid an nodaireacht aitheanta) agus tabhair míniú ar gach fheidhm díobh.

**[30 marc]**

Trí fheidhm uirbeacha éagsúla @ 10 marc an ceann
Maidir le gach feidhm uirbeach:

| | |
|---|---|
| Feidhm ainmnithe | 2 mharc |
| Suíomh na feidhme | 2 mharc |
| Feidhm mínithe | 3 x PSÁ |

- Ní mór an fhianaise ó aerfótagraf a bheith de réir na nodaireachta cruinne e.g. an cúlra ar chlé etc.
- Mura dtugtar aon fhianaise ó aerfótagraf, ní chailltear ach na marcanna le haghaidh fianaise ón aerfótagraf
- Tugtar creidiúint 1 x PSÁ as sampla de gach ceann de na feidhmeanna a ainmnítear.

**C. Daonra**

Scrúdaigh conas a théann saintréithe daonra mar struchtúr, dlús agus fás daonra, etc. i bhfeidhm ar leibhéil forbartha, agus tagairt agat do shamplaí a bhfuil staidéar déanta agat orthu.

**[30 marc]**

| | |
|---|---|
| Samplaí | 2 + 2 mharc |
| Scrúdú | 13 x PSÁ |

- Plé nach bhfuil tagairt ann do shaintréithe an daonra: 2 x PSÁ ar a mhéad.
- Plé nach bhfuil tagairt ann don tionchar ar leibhéil forbartha: 2 x PSÁ ar a mhéad
- Glactar le léirmhíniú dearfach nó diúltach.

## Ceist 11

### A. Aerfótagraf

Scrúdaigh an t-aerfótagraf de Chathair na Mart a ghabhann leis an bpáipéar seo.

Tarraing sracléarscáil den aerfótagraf, leath an fhaid agus leath an leithid.
Ar an tsracléarscáil sin, taispeáin agus lipéadaigh gach ceann díobh seo a leanas mar is ceart:

- An abhainn
- Droichead
- Carrchlós mór sa cúlra
- An príomhbhóthar a théann ón tulra láir go dtí an cúlra ar dheis.

**[20 marc]**

| | |
|---|---|
| Imlíne na sracléarscáile | 4 mharc |
| 4 ghné @ 4 mharc an ceann | Taispéanta 3 mharc (grádaithe 3/1/0)<br>Ainmnithe 1 mharc |

- Sa chás gur rianaíocht a dhéantar den tsracléarscáil nó nach ndéantar ach cuid den aerfótagraf a tharraingt, cailltear 4 mharc i ndáil le himlíne na sracléarscáile agus 3 mharc in aghaidh na míre i ndáil leis an taispeáint. Ní bhronntar marcanna ach as ainmniú.
- Is iad na toisí a theastaíonn ná 14.2 cm faoi 9.25 cm ach ceadaigh difríocht de 0.5 cm ($2\frac{1}{2}$ chearnóg bheaga) ar gach taobh.
- Má úsáidtear léarscáil de chuid na Suirbhéireachta Ordanáis in ionad Aerfótagraf = 0 marc.
- Is ceadmhach lipéid a scríobh ar an tsracléarscáil nó in eochair.
- Ní mór iarracht a bheith ann gné a thaispeáint le go mbronnfaí marcanna as ainmniú. Mura dtaispeántar na hiarrachtaí sin 0 marc as ainmniú.
- Ní mór lipéad na ngnéithe a bheith ar an tsracléarscáil nó in eochair.
Mura bhfuil lipéid ann, 0 marc as taispeáint.

### B. Imirce in Éirinn

Tabhair cur síos agus míniú ar na hathruithe ar phatrúin imirce go hÉirinn agus as Éirinn le himeacht aimsire.

**[30 marc]**

| | |
|---|---|
| Athrú ar an bpatrún go hÉirinn a shonrú | 2 mharc |
| Athrú ar an bpatrún as Éirinn a shonrú | 2 mharc |
| Cur síos/Míniú | 13 x PSÁ |

- Tá míniú riachtanach i gcás gach athrú ar phatrúin imirce sa bhreis orthu sin.
- Mura ndéantar ach plé ar imirce go hÉirinn nó ar imirce as Éirinn: 7 x PSÁ ar a mhéad.
- Mura ndéantar ach cur síos ar athruithe ar phatrúin imirce gan aon mhíniú:
7 x PSÁ ar a mhéad.

## C. Fás Uirbeach – Cathair sa Domhan i mBéal Forbartha

Is féidir le fadhbanna teacht chun cinn mar thoradh ar fhás agus ar fhairsingiú lárionad uirbeach.

Pléigh an ráiteas seo agus tagairt agat do chathair **amháin** sa domhan i mbéal forbartha a bhfuil staidéar déanta agat uirthi.

**[30 marc]**


| | |
|---|---|
| Sampla de chathair sa domhan i mbéal forbartha | 2 mharc |
| Fadhbanna a shonrú | 2 + 2 mharc |
| Plé | 12 x PSÁ |

- Tá plé riachtanach i gcás gach fadhb sa bhreis orthu sin.
- Glactar le sampla bailí ar bith de chathair sa domhan i mbéal forbartha nó cuid de is cuma faoin méid.
- Plé nach bhfuil tagairt ann d'fhadhbanna: 2 x PSÁ ar a mhéad.
- Plé nach bhfuil tagairt ann do chathair ainmnithe sa domhan i mbéal forbartha: 2 x PSÁ ar a mhéad.
- Plé ar réitigh: 2 x PSÁ ar a mhéad.

## Ceist 12

### A. Imirce

Líon Deimhnithe na nÁiteanna Geallta do Theifigh ón tSiria ag Tíortha Roghnaithe ar 11 Nollaig, 2015




**Nóta**: Le hathlonnú teifeach ón tSiria agus le cineálacha eile de chead isteach dleathach a bhaineann na figiúir.

Curtha in oiriúint ó UNHCR agus *The Independent*

Scrúdaigh an chairt thuas a thaispeánann líon deimhnithe na n-áiteanna geallta do theifigh ón tSiria ag tíortha roghnaithe ar 11 Nollaig, 2015 agus freagair gach ceann de na ceisteanna a leanas.

(i) Cé mhéad áit a bhí geallta ag Éirinn do theifigh ón tSiria ar 11 Nollaig, 2015?

(ii) Cén tír nach ballstát den Aontas Eorpach í a gheall an líon is mó áiteanna?

(iii) Ríomh líon iomlán na n-áiteanna a gheall na ballstáit den Aontas Eorpach ar an liosta thuas.

(iv) Liostaigh **dhá** thoisc bhrú a bhíonn ina gcúis le daoine a dhul ar imirce.

(v) Mínigh go hachomair dúshlán **amháin** a bhíonn le sárú ag tíortha a ghlacann le líon mór imirceach.

(vi) Mínigh go hachomair toradh dearfach **amháin** a bhíonn ar an inimirce do thír a ghlacann le hinimircigh.

**[20 marc]**

| | | |
|---|---|---|
| (i) | 610 | 2 mharc |
| (ii) | Ceanada | 2 mharc |
| (iii) | 46,490 | 4 mharc |
| (iv) | Dhá thoisc bhrú ar bith liostaithe | 2 + 2 mharc |
| (v) | Aon mhíniú bailí | 2 + 2 mharc |
| (vi) | Aon mhíniú bailí | 2 + 2 mharc |

**B. Teoiric an Lárionaid**

Tabhair cur síos agus míniú ar Theoiric an Lárionaid agus tagairt agat do shampla(í) a bhfuil staidéar déanta agat air/orthu.

**[30 marc]**

| | |
|---|---|
| Sampla | 2 mharc |
| Cur síos/Míniú | 14 x PSÁ |

- Tugtar creidiúint as an dara sampla ainmnithe ón gcur síos/scrúdú do 1 x PSÁ.
- Ní le hÉirinn amháin a bhaineann an cheist.
- Mura ndéantar cur síos ach ar theoiric gan aon mhíniú: 7 x PSÁ ar a mhéad.
- Féadfaidh léaráid lipéadaithe bhailí 1 x PSÁ a fháil ón gcur síos/scrúdú agus má tá faisnéis ábhartha bhreise ar an léaráid, féadfar 1 x PSÁ eile a bhronnadh.

**C. Forbairt Uirbeach**

Scrúdaigh conas a athraíonn lárionaid uirbeacha le himeacht ama agus tagairt agat do shampla(í) a bhfuil staidéar déanta agat air/orthu.

**[30 marc]**

| | |
|---|---|
| Athrú a shonrú | 2 mharc |
| Sampla | 2 mharc |
| Scrúdú | 13 x PSÁ |

- Tugtar creidiúint as an dara sampla do 1 x PSÁ ón scrúdú.
- Tugtar creidiúint as an dara athrú aitheanta do 1 x PSÁ. Tá scrúdú riachtanach i gcás gach athrú sa bhreis orthu sin.
- Gan aon tagairt do lárionad uirbeach: 2 x PSÁ ar a mhéad.
- Féadfaidh lárionad uirbeach a bheith ina chathair, ina bhaile mór nó ina chuid ar leith de chathair ainmnithe nó de bhaile mór.

## ROINN 3 – ROGHAONAID

**Ceist 13 go 24**

Freagair ceist **AMHÁIN**

**Nóta**: Is fearr **trí** ghné nó **ceithre** ghné den téama a phlé go mion, in ionad plé ginearálta a dhéanamh ar líon mór pointí.

**Ceist 13 – 24**

**Scéim Mharcála Imlíne agus tuairiscíní marcála maidir le Comhleanúnachas Ginearálta**

**Scéim Mharcála Imlíne:**

| | | |
|---|---|---|
| Líon na ngnéithe | 3 @ 20 marc an ceann | 4 @ 15 mharc an ceann |
| Gné a aithint | 4 mharc | 3 mharc |
| Plé | 8 x PSÁ | 6 x PSÁ |
| Comhleanúnachas Ginearálta | 20 marc grádaithe* | 20 marc grádaithe* |

**Tuairiscíní Marcála maidir le Comhleanúnachas Ginearálta:**

Agus marcanna á mbronnadh as Comhleanúnachas Ginearálta, cuirfidh an scrúdaitheoir san áireamh cé chomh maith agus a láimhseálann an t-iarrthóir an cheist a cuireadh agus leanfaidh sé nó sí na tuairiscíní marcála a leanas:

| ***Comhleanúnachas Ginearálta (20 marc)** | | |
|---|---|---|
| Sármhaith | **20** | Cumas den scoth chun eolas a cheangal leis an gceist. Freagra cuimsitheach sármhaith ina léirítear mioneolas ar an ábhar. |
| An-mhaith | **17** | Cumas maith chun eolas a cheangal leis an gceist. Freagra an-mhaith ina léirítear eolas an-fhairsing ar an ábhar. |
| Go Maith | **14** | Cumas réasúnta chun eolas a cheangal go cuí leis an gceist. Freagra maith ina dtugtar faisnéis fhónta. Eolas fairsing ar an ábhar léirithe. |
| Measartha | **10** | Iarracht éigin déanta an t-eolas a cheangal leis an gceist a cuireadh. Roinnt faisnéis ábhartha tugtha ach ní leor mar a cuireadh an fhaisnéis i bhfeidhm ar an gceist. |
| Lag | **6** | Is fíortheoranta an iarracht a rinneadh gabháil i ngleic leis an gceist a cuireadh. Sonraíodh roinnt faisnéis ábhartha. |
| Olc | **0** | Níor freagraíodh an cheist a cuireadh agus tá an freagra neamhábhartha ar an mórgóir dá bharr. |

## Idirspleáchas Domhanda

**Nóta**: Is fearr **trí** ghné nó **ceithre** ghné den téama a phlé go mion, in ionad plé ginearálta a dhéanamh ar líon mór pointí.

**13.** Bíonn samhlacha agus cur chuige contrártha i leith na forbartha i gceist le tuairimí faoin bhforbairt agus faoin tearcfhorbairt.
Pléigh é sin.

**[80 marc]**

| | | |
|---|---|---|
| Líon na ngnéithe | 3 @ 20 marc an ceann | 4 @ 15 mharc an ceann |
| Gné a aithint | 4 mharc | 3 mharc |
| Plé | 8 x PSÁ | 6 x PSÁ |
| Comhleanúnachas Ginearálta | 20 marc grádaithe* | 20 marc grádaithe* |

- Is é an smaoineamh go bhfuil tuairimí éagsúla ann maidir le forbairt agus tearcfhorbairt bunphointe na ceiste.
- Roghnaítear scéim de réir líon na ngnéithe a phléitear.
- Ceadaítear 3 x PSÁ ar a mhéad as suas le trí shampla (samplaí éagsúla agus i ndáil le gnéithe éagsúla).
- Ceadaítear 2 x PSÁ ar a mhéad as suas le dhá léaráid lipéadaithe (léaráidí éagsúla agus i ndáil le gnéithe éagsúla).

**14.** Scrúdaigh an fhorbairt inbhuanaithe mar shamhail don fhorbairt sa todhchaí.

**[80 marc]**

| | | |
|---|---|---|
| Líon na ngnéithe | 3 @ 20 marc an ceann | 4 @ 15 mharc an ceann |
| Gné a aithint | 4 mharc | 3 mharc |
| Plé | 8 x PSÁ | 6 x PSÁ |
| Comhleanúnachas Ginearálta | 20 marc grádaithe* | 20 marc grádaithe* |

- Is í an fhorbairt inbhuanaithe mar shamhail forbartha satodhchaíanseo bunphointe na ceiste.
- Roghnaítear scéim de réir líon na ngnéithe a phléitear.
- Ceadaítear 3 x PSÁ ar a mhéad as suas le trí shampla (samplaí éagsúla agus i ndáil le gnéithe éagsúla).
- Ceadaítear 2 x PSÁ ar a mhéad as suas le dhá léaráid lipéadaithe (léaráidí éagsúla agus i ndáil le gnéithe éagsúla).

**15.** Pléigh na cúiseanna daonna agus nádúrtha atá le fairsingiú fásaigh agus le dífhoraoisiú.

**[80 marc]**

| | | |
|---|---|---|
| Líon na ngnéithe | 3 @ 20 marc an ceann | 4 @ 15 mharc an ceann |
| Gné a aithint | 4 mharc | 3 mharc |
| Plé | 8 x PSÁ | 6 x PSÁ |
| Comhleanúnachas Ginearálta | 20 marc grádaithe* | 20 marc grádaithe* |

- Is é bunphointe na ceiste na cúiseanna daonna agus nádúrtha atá le fairsingiú fásaigh agus le dífhoraoisiú.
- Roghnaítear scéim de réir líon na ngnéithe a phléitear.
- Ceadaítear 3 x PSÁ ar a mhéad as suas le trí shampla (samplaí éagsúla agus i ndáil le gnéithe éagsúla).
- Ceadaítear 2 x PSÁ ar a mhéad as suas le dhá léaráid lipéadaithe (léaráidí éagsúla agus i ndáil le gnéithe éagsúla).

## Geo-éiceolaíocht

**Nóta**: Is fearr **trí** ghné nó **ceithre** ghné den téama a phlé go mion, in ionad plé ginearálta a dhéanamh ar líon mór pointí.

**16.** Scrúdaigh comhdhéanamh ginearálta agus saintréithe cineál **amháin** ithreach ar bith.

**[80 marc]**

| | | |
|---|---|---|
| Líon na ngnéithe | 3 @ 20 marc an ceann | 4 @ 15 mharc an ceann |
| Gné a aithint | 4 mharc | 3 mharc |
| Plé | 8 x PSÁ | 6 x PSÁ |
| Comhleanúnachas Ginearálta | 20 marc grádaithe* | 20 marc grádaithe* |

- Is é bunphointe na ceiste comhdhéanamh agus saintréithe cineál amháin ithreach.
- Roghnaítear scéim de réir líon na ngnéithe a phléitear.
- Ceadaítear 3 x PSÁ ar a mhéad as suas le trí shampla (samplaí éagsúla agus i ndáil le gnéithe éagsúla).
- Ceadaítear 2 x PSÁ ar a mhéad as suas le dhá léaráid lipéadaithe (léaráidí éagsúla agus i ndáil le gnéithe éagsúla).

**17.** Tá patrúin éagsúla ithreacha tagtha chun cinn i réigiúin dhifriúla sa domhan mar thoradh ar ghníomhaíocht na bpróiseas difriúil foirmithe ithreacha.
Pléigh é sin.

**[80 marc]**

| | | |
|---|---|---|
| Líon na ngnéithe | 3 @ 20 marc an ceann | 4 @ 15 mharc an ceann |
| Gné a aithint | 4 mharc | 3 mharc |
| Plé | 8 x PSÁ | 6 x PSÁ |
| Comhleanúnachas Ginearálta | 20 marc grádaithe* | 20 marc grádaithe* |

- Is iad patrúin ithreach éagsúla atá ag forbairt timpeall an domhain mar thoradh ar phróisis foirmithe ithreach bunphointe na ceiste.
- Roghnaítear scéim de réir líon na ngnéithe a phléitear.
- Ceadaítear 3 x PSÁ ar a mhéad as suas le trí shampla (samplaí éagsúla agus i ndáil le gnéithe éagsúla).
- Ceadaítear 2 x PSÁ ar a mhéad as suas le dhá léaráid lipéadaithe (léaráidí éagsúla agus i ndáil le gnéithe éagsúla).

**18.** Scrúdaigh na saintréithe a bhaineann le bithóm **amháin** a bhfuil staidéar déanta agat air agus tagairt agat do **thrí** cinn ar bith díobh seo a leanas:

- Aeráid
- Ithreacha
- Flóra
- Fána.

**[80 marc]**

| | |
|---|---|
| Líon na ngnéithe | 3 @ 20 marc an ceann |
| Gné a aithint | 4 mharc |
| Plé | 8 x PSÁ |
| Comhleanúnachas Ginearálta | 20 marc grádaithe* |

- Is iad trí shaintréith ar bith atá ag bithóim amháin bunphointe na ceiste.
- Cuir scéim trí ghné i bhfeidhm.
- Ceadaítear 3 x PSÁ ar a mhéad as suas le trí shampla (samplaí éagsúla agus i ndáil le gnéithe éagsúla).
- Ceadaítear 2 x PSÁ ar a mhéad as suas le dhá léaráid lipéadaithe (léaráidí éagsúla agus i ndáil le gnéithe éagsúla).

## Cultúr agus Ionannas

**Nóta**: Is fearr **trí** ghné nó **ceithre** ghné den téama a phlé go mion, in ionad plé ginearálta a dhéanamh ar líon mór pointí.

**19.** Scrúdaigh tábhacht an reiligiúin mar tháscaire cultúir.

**[80 marc]**

| | | |
|---|---|---|
| Líon na ngnéithe | 3 @ 20 marc an ceann | 4 @ 15 mharc an ceann |
| Gné a aithint | 4 mharc | 3 mharc |
| Plé | 8 x PSÁ | 6 x PSÁ |
| Comhleanúnachas Ginearálta | 20 marc grádaithe* | 20 marc grádaithe* |

- Is é bunphointe na ceiste an dóigh a bhfuil an reiligiún tábhachtach mar tháscaire cultúir.
- Roghnaítear scéim de réir líon na ngnéithe a phléitear.
- Ceadaítear 3 x PSÁ ar a mhéad as suas le trí shampla (samplaí éagsúla agus i ndáil le gnéithe éagsúla).
- Ceadaítear 2 x PSÁ ar a mhéad as suas le dhá léaráid lipéadaithe (léaráidí éagsúla agus i ndáil le gnéithe éagsúla).

**20.** Tá a lán stát ann ina bhfuil grúpaí cultúrtha difriúla taobh istigh dá gcuid teorainneacha. Pléigh é sin.

**[80 marc]**

| | | |
|---|---|---|
| Líon na ngnéithe | 3 @ 20 marc an ceann | 4 @ 15 mharc an ceann |
| Gné a aithint | 4 mharc | 3 mharc |
| Plé | 8 x PSÁ | 6 x PSÁ |
| Comhleanúnachas Ginearálta | 20 marc grádaithe* | 20 marc grádaithe* |

- Is é bunphointe na ceiste an dóigh a bhfuil grúpaí cultúrtha difriúla ag cur fúthu laistigh de stáit.
- Roghnaítear scéim de réir líon na ngnéithe a phléitear.
- Ceadaítear 3 x PSÁ ar a mhéad as suas le trí shampla (samplaí éagsúla agus i ndáil le gnéithe éagsúla).
- Ceadaítear 2 x PSÁ ar a mhéad as suas le dhá léaráid lipéadaithe (léaráidí éagsúla agus i ndáil le gnéithe éagsúla).

**21.** Tá tosca cultúrtha éagsúla ag baint le coincheap na féiniúlachta.
Pléigh an ráiteas seo agus tagairt agat do chás-staidéar ar réigiún san Eoraip a bhfuil staidéar déanta agat air.

**[80 marc]**

| | | |
|---|---|---|
| Líon na ngnéithe | 3 @ 20 marc an ceann | 4 @ 15 mharc an ceann |
| Gné a aithint | 4 mharc | 3 mharc |
| Plé | 8 x PSÁ | 6 x PSÁ |
| Comhleanúnachas Ginearálta | 20 marc grádaithe* | 20 marc grádaithe* |

- Is é bunphointe na ceiste an dóigh a múnlaíonn na tosca cultúrtha an fhéiniúlacht.
- Roghnaítear scéim de réir líon na ngnéithe a phléitear.
- Ceadaítear 3 x PSÁ ar a mhéad as suas le trí shampla (samplaí éagsúla agus i ndáil le gnéithe éagsúla).
- Ceadaítear 2 x PSÁ ar a mhéad as suas le dhá léaráid lipéadaithe (léaráidí éagsúla agus i ndáil le gnéithe éagsúla).

## Comhshaol an Atmaisféir agus na nAigéan

**Nóta**: Is fearr **trí** ghné nó **ceithre** ghné den téama a phlé go mion, in ionad plé ginearálta a dhéanamh ar líon mór pointí.

**22.** Tagann patrúin dhifriúla aimsire chun cinn mar thoradh ar chúrsaíocht san atmaisféar agus sna haigéin.
Pléigh é sin.

**[80 marc]**

| | | |
|---|---|---|
| Líon na ngnéithe | 3 @ 20 marc an ceann | 4 @ 15 mharc an ceann |
| Gné a aithint | 4 mharc | 3 mharc |
| Plé | 8 x PSÁ | 6 x PSÁ |
| Comhleanúnachas Ginearálta | 20 marc grádaithe* | 20 marc grádaithe* |

- Is é bunphointe na ceiste an chaoi a mbíonn tionchar ag gluaiseacht an aeir agus na mara ar phatrúin dhifriúla aimsire.
- Roghnaítear scéim de réir líon na ngnéithe a phléitear.
- Ceadaítear 3 x PSÁ ar a mhéad as suas le trí shampla (samplaí éagsúla agus i ndáil le gnéithe éagsúla).
- Ceadaítear 2 x PSÁ ar a mhéad as suas le dhá léaráid lipéadaithe (léaráidí éagsúla agus i ndáil le gnéithe éagsúla).

**23.** Athraíonn saintréithe aeráide le himeacht an ama agus ó áit go háit.
Pléigh é sin.

**[80 marc]**

| | | |
|---|---|---|
| Líon na ngnéithe | 3 @ 20 marc an ceann | 4 @ 15 mharc an ceann |
| Gné a aithint | 4 mharc | 3 mharc |
| Plé | 8 x PSÁ | 6 x PSÁ |
| Comhleanúnachas Ginearálta | 20 marc grádaithe* | 20 marc grádaithe* |

- Is é bunphointe na ceiste conas a athraíonn airíonna na haeráide le himeacht ama agus ó áit go háit.
- Roghnaítear scéim de réir líon na ngnéithe a phléitear.
- Ceadaítear 3 x PSÁ ar a mhéad as suas le trí shampla (samplaí éagsúla agus i ndáil le gnéithe éagsúla).
- Ceadaítear 2 x PSÁ ar a mhéad as suas le dhá léaráid lipéadaithe (léaráidí éagsúla agus i ndáil le gnéithe éagsúla).

**24.** Scrúdaigh an tionchar a bhíonn ag saintréithe aeráide ar fhorbairt gheilleagrach.

**[80 marc]**

| | | |
|---|---|---|
| Líon na ngnéithe | 3 @ 20 marc an ceann | 4 @ 15 mharc an ceann |
| Gné a aithint | 4 mharc | 3 mharc |
| Plé | 8 x PSÁ | 6 x PSÁ |
| Comhleanúnachas Ginearálta | 20 marc grádaithe* | 20 marc grádaithe* |

- Is é bunphointe na ceiste conas a théann airíonna aeráide i bhfeidhm ar fhorbairt gheilleagrach.
- Roghnaítear scéim de réir líon na ngnéithe a phléitear.
- Ceadaítear 3 x PSÁ ar a mhéad as suas le trí shampla (samplaí éagsúla agus i ndáil le gnéithe éagsúla).
- Ceadaítear 2 x PSÁ ar a mhéad as suas le dhá léaráid lipéadaithe (léaráidí éagsúla agus i ndáil le gnéithe éagsúla).

## FIOSRÚCHÁN TÍREOLAÍOCHTA

**1. RÉAMHRÁ** (5 mharc):

| | |
|---|---|
| 4 x PSÁ: | 1 mharc an ceann |
| Comhleanúnachas Ginearálta: | 1 mharc |

- Ní mór baint a bheith ag na haidhmeanna leis an bhfiosrúchán agus ní mór dóibh a bheith sonrach agus cáilithe.

**2. PLEANÁIL** (5 mharc):

| | |
|---|---|
| 4 x PSÁ: | 1 mharc an ceann |
| Comhleanúnachas Ginearálta: | 1 mharc |

- Eolas riachtanach agus modhanna bailithe a aithint.
- Ní mór tagairt shonrach a dhéanamh d'athbhreithniú.
- Ní mór gach ráiteas a bheith cáilithe e.g. trealamh cleachtaidh cá háit/conas/cén fáth?
- Obair a dhéanann an múinteoir ina (h)aonar = 0 marc.

**3. BAILIÚ EOLAIS** (40 marc):

Dhá mhodh / thasc @ 20 marc an ceann.

| | |
|---|---|
| I leith gach modha / taisc: | 9 x PSÁ @ 2 mharc an ceann |
| Comhleanúnachas Ginearálta: | 4 mharc ghrádaithe (4/2/0) |

- Caithfidh cuid an bhailiúcháin a bheith bunaithe ar ghníomhaíocht. Pléitear le tuairisciú/cur síos ar na gníomhaíochtaí a rinneadh sa chuid seo.
- Is féidir glacadh mar mhodh le tasc arb ionann é agus grúpa de ghníomhaíochtaí cónasctha a bhaineann le hábhar. Ní mór tascanna/modhanna a thuairisciú i gcomhthéacs na n-aidhmeanna luaite.
- Is féidir le foinsí tánaisteacha faisnéise sonraí príomhúla a chruthú.
- Ní leor ráitis shimplí e.g. Chonaic mé na gnéithe, Thaifead mé na gnéithe, thaifead mé na torthaí, Sceitseáil mé an tírghné etc. Ní mór an ráiteas a cháiliú ar bhealach éigin.
- Is féidir creidiúint a thabhairt as léaráidí/sracléaráidí má léiríonn siad gníomhaíocht an bhailithe. PSÁ amháin in aghaidh an taisc/mhodha as sracléaráidí/léaráidí anótáilte atá tarraingthe go maith, néata, ábhartha agus atá bunaithe ar ghníomhaíochtaí agus a léiríonn próiseas an bhailithe.
- Féadfar PSÁ amháin eile in aghaidh an taisc/mhodha a bhronnadh i gcás ina bhfuil faisnéis bhreise ar shracléaráid (nach bhfuil sa chuid scríofa).
- Ní mór sracléaráidí/léaráidí a bheith ar na leathanaigh oiriúnacha i gcuid an bhailithe.
- Ná tugtar marcanna as torthaí sa chuid seo.
- Is marc foriomlán é comhleanúnachas a bhronntar as ábharthacht na hoibre sa chuid seo leis na haidhmeanna luaite.

## 4. TORTHAÍ, TÁTAIL, LUACHÁIL (30 marc):

Trí theideal @ 8 marc an ceann.

| | |
|---|---|
| I leith gach teidil: | 4 x PSÁ @ 2 mharc an ceann |
| Comhleanúnachas Ginearálta: | 6 mharc ghrádaithe (6/4/2/0) |

- Ná bronntar marcanna as Torthaí / Tátail / Luacháil ach amháin má tá siad sa chuid chuí den leabhrán tuairiscithe.
- Ní mór Torthaí / Tátail / Luacháil a bheith nasctha le haidhmeanna agus nasctha le gníomhaíochtaí a cuireadh i gcrích i gcuid an bhailithe faisnéise (Cuid 3).
- Is féidir torthaí a bhaint as cairteacha/táblaí ar na leathanaigh ghrafpháipéir chuí.
- Bunaítear tátail go díreach nó go hindíreach ar na torthaí; luacháil atá ann sa chás nach mar sin a dhéantar.
- Níl tátail nasctha le toradh sonrach ach caithfidh siad a bheith ábhartha do na tascanna a cuireadh i gcrích i gCuid 3.
- Ba cheart ard-ord smaointeoireachta a léiriú sna luachálacha agus ba cheart raon téamaí a bheith iontu. Ba cheart go mbeadh baint acu leis na haidhmeanna i gCuid 1 agus leis na tascanna a cuireadh i gcrích i gCuid 3. Ní mór dóibh a bheith sonrach agus cáilithe.
- Is féidir luacháil a dhéanamh i leith a bhfuil i ndán chomh maith leis an am atá caite.
- Ná tabhair marc dúbailte as faisnéis a bhaineann le saincheisteanna i gCuid 3.

## 5. EAGRÚ AGUS CUR I LÁTHAIR NA dTORTHAÍ (20 marc):

| | |
|---|---|
| Cur i láthair: | 8 x PSÁ @ 2 mharc an ceann |
| Comhleanúnachas Ginearálta: | 4 mharc ghrádaithe (4/2/0) |

- Ní mór na torthaí a chur i láthair ar dhá bhealach dhifriúla e.g. graif, cairt, léarscáil, tábla, sracléaráid, etc.
- Ní mór na torthaí a chur i láthair ar na leathanaigh ghrafpháipéir chuí i gCuid 4 den leabhrán tuairiscithe.
- 4 PSÁ ar a mhéad in aghaidh mhodh an chur i láthair.
- Is ionann an Comhleanúnachas Ginearálta agus caighdeán agus soiléire an chur i láthair. Faightear 4 mharc as an gcur i láthair foriomlán. Ní féidir marcanna as Comhleanúnachas Ginearálta a bhronnadh mura bhfuil ach modh amháin le feiceáil sa chur i láthair.

## BRISEADH SÍOS AR NA MARCANNA DON CHUR I LÁTHAIR

**BARRACHAIRT / TREOGHRAF / SCAIPGHRAF etc.:**

| | |
|---|---|
| Teideal Oiriúnach | 2 mharc |
| Ais amháin agus aonaid nó scála breactha uirthi: | 1 x PSÁ = 2 mharc |
| Gach ceann de dhá phointe / bharra tarraingthe agus lipéadaithe go cruinn: | 2 PSÁ = 4 mharc |

**PÍCHAIRT:**

| | |
|---|---|
| Teideal Oiriúnach: | 1 x PSÁ = 2 mharc |
| Ciorcal agus an lárphointe go cruinn ann: | 1 x PSÁ = 2 mharc |
| Gach ceann de dhá réimse tarraingthe agus lipéadaithe go cruinn: | 2 x PSÁ = 4 mharc |

**TÁBLA RANGORDAITHE / TÁBLA:**

**Tábla Ilsraitheanna / Ilcholún**

| | |
|---|---|
| Teideal Oiriúnach: | 1 x PSÁ = 2 mharc |
| Bosca: | 1 x PSÁ = 2 mharc |
| Sraitheanna / Colúin x 2 lipéadaithe: | 2 x PSÁ = 2 + 2 mharc |

**Tábla le Sraith / Colún Aonair**

| | |
|---|---|
| Teideal Oiriúnach: | 1 x PSÁ = 2 mharc |
| Bosca: | 1 x PSÁ = 2 mharc |
| Sraith / Colún lipéadaithe: | 1 x PSÁ = 2 mharc |
| Faisnéis ábhartha: | 1 x PSÁ = 2 mharc |

**SRACLÉARÁID / LÉARSCÁIL:**

| | |
|---|---|
| Teideal Oiriúnach: | 1 x PSÁ = 2 mharc |
| Fráma: | 1 x PSÁ = 2 mharc |
| Dhá mhír faisnéise a bhaineann le hábhar na dtorthaí: | 2 x PSÁ = 4 mharc |

# Aguisín 1

## Liosta na dTopaicí d'Fhiosrúchán Tíreolaíochta in 2016

1. Patrúin tráchta i gceantar áitiúil.

2. An daonra i gceantar áitiúil.

3. Ceist comhshaoil áitiúil.

4. Athrú ar an talamhúsáid i gceantar áitiúil.

5. Patrúin áitiúla aimsire.

6. Tionchar phróiseas/phróisis g(h)eomorfach(a) agus/nó ghníomhaíocht an duine ar fhorbairt tírghné(ithe) i dtimpeallacht oighreach nó abhann nó cósta nó charstach.

**Aguisín 2**

# Coimisiún na Scrúduithe Stáit

*Marcanna Breise as ucht freagairt trí Ghaeilge*

Léiríonn an tábla thíos an méid marcanna breise ba chóir a bhronnadh ar iarrthóirí a ghnóthaíonn níos mó ná 75% d'iomlán na marcanna.

N.B. Ba chóir marcanna de réir an ghnáthráta a bhronnadh ar iarrthóirí nach ngnóthaíonn níos mó ná 75% d'iomlán na marcanna don scrúdú. Ba chóir freisin an marc bónais sin **a shlánú síos**.

## Tábla 400 @ 10%

Bain úsáid as an tábla seo i gcás na n-ábhar a bhfuil 400 marc san iomlán ag gabháil leo agus inarb é 10% gnáthráta an bhónais.

Bain úsáid as an ngnáthráta i gcás 300 marc agus faoina bhun sin. Os cionn an mharc sin, féach an tábla thíos.

| Bunmharc | Marc Bónais |
|---|---|
| 301 - 303 | 29 |
| 304 - 306 | 28 |
| 307 - 310 | 27 |
| 311 - 313 | 26 |
| 314 - 316 | 25 |
| 317 - 320 | 24 |
| 321 - 323 | 23 |
| 324 - 326 | 22 |
| 327 - 330 | 21 |
| 331 - 333 | 20 |
| 334 - 336 | 19 |
| 337 - 340 | 18 |
| 341 - 343 | 17 |
| 344 - 346 | 16 |
| 347 - 350 | 15 |

| Bunmharc | Marc Bónais |
|---|---|
| 351 - 353 | 14 |
| 354 - 356 | 13 |
| 357 - 360 | 12 |
| 361 - 363 | 11 |
| 364 - 366 | 10 |
| 367 - 370 | 9 |
| 371 - 373 | 8 |
| 374 - 376 | 7 |
| 377 - 380 | 6 |
| 381 - 383 | 5 |
| 384 - 386 | 4 |
| 387 - 390 | 3 |
| 391 - 393 | 2 |
| 394 - 396 | 1 |
| 397 - 400 | 0 |

Fiosrúchán Tíreolaíochta – Ná cuirtear san áireamh san iomlán le haghaidh marcanna breise.

Tabhair ar aird: Tá fáil ar scéim mharcála mhionathraithe le haghaidh iarrthóirí a thug faoi scrúdpháipéar mionathraithe.

Leathanach Bán